# COMHAD FÍRICÍ:
# GCSE GAEILGE
## Páipéar 2 – Scríbhneoireacht

Rewarding Learning

## Scríbhneoireacht

**Beidh uair go leith agat leis an pháipéar seo a dhéanamh agus beidh 60 marc ar fad ann.**

**Tá trí chuid i bPáipéar 2 – Scríbhneoireacht**

1. Píosa de scríbhneoireacht shínte – 30 marc .
   (Beidh rogha agat idir trí theideal)

2. Abairtí atá le haistriú go Gaeilge – 10 marc.

3. Aistriúchán ó Bhéarla go Gaeilge.
   Le staideár agus dul siar a dhéanamh don scrúdú seo, ní mór duit amharc siar ar na comhthéacsanna:
   1. An Duine sa tSochaí.
   2. An Domhan thart Orm.
   3. Infhostaitheacht.
   4. Pobail Ghaeltachta.
   5. Litríocht i nGaeilge.

1. **Scríbhneoireacht shínte** – Ba chóir duit a bheith ábalta barúlacha, smaointe agus moltaí a thabhairt ar réimse leathan téamaí a luaitear sna comhthéacsanna thuasluaite. Ní mór duit a bheith in ann do chuid scríbhneoireachta a athrú agus a mhúnlú, ag brath ar chuspóir na ceiste.

2. **Abairtí a aistriú go Gaeilge** (mar atá thíos).

3. **Aistriúchán** – Léigh an píosa iomlán cúpla uair sa dóigh is go dtuigfidh tú comhthéacs an phíosa. Roghnaigh focail/frásaí ar leith agus aistrigh iad sula dtugann tú faoin rud iomlán a aistriú. Cuimhnigh nach gá duit gach uile fhocal a aistriú, agus gurb é ciall an phíosa an rud is tábhachtaí.

4. **Bí cinnte go dtéann tú siar ar an aistriúchán nuair atá tú réidh leis lena chinntiú nár chaill tú píosa ar bith agus lena chinntiú go bhfuil litriú na bhfocal cruinn beacht.**